

7 TÓGÁIL

7.1 RÉAMHRÁ

- 1 Is é cuspóir na caibidle seo cur síos a dhéanamh ar thógáil na forbartha a bheartaítear. Tugtar breac-chuntas inti ar an modh tógála agus ar na gníomhaíochtaí tógála a bheidh ar siúl feadh ailíniú sonrath an bhealaigh a gcuirtear síos air i **gCaibidil 6** san imleabhar seo den Ráitis Tionchair Timpeallachta (EIS).
- 2 Beidh ar BSL agus ar aon chonraitheoir a fhostaítear i rith chéim thógála an tionscadail seo cloí leis na tiomantais ar fad a leagtar amach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) seo, chomh maith le haon choinníollacha pleanála a chuirfidh an Bord Pleanála (an Bord) le haon fhaomhadh pleanála a d'fhéadfaí a dheonú.
- 3 Ullmhaíodh an chaibidil seo i gcomhar leis na caibidilí seo a leanas san EIS agus ba cheart iad a léamh in éineacht léi:
 - **Caibidil 4** Breithniú ar Roghanna Eile – Teicneolaíocht, atá san imleabhar seo den EIS;
 - **Caibidil 5** Breithniú ar Roghanna Eile – Socrú Bealaigh, atá san imleabhar seo den EIS;
 - **Caibidil 6** Cur Síos ar an bhForbairt – atá san imleabhar seo den EIS; agus
 - **Caibidil 13** Sócmhainní Ábhartha – Trácht, **Imleabhair 3C** agus **3D** den EIS seo.

7.2 MODH TÓGÁLA

- 4 Is é an cuspóir atá leis an rannán seo breac-chuntas a thabhairt ar na modhanna tógála a chuirfeadh i bhfeidhm san fhorbairt a bheartaítear.
- 5 Sa chás go ndéanfaítear faomhadh don fhorbairt a bheartaítear agus sula dtosófar ar na hoibreacha, ullmhóidh an conraitheoir/na conraitheoirí a cheapfaidh an Bord Soláthar Leictreachais (BSL) *Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála* (CEMP) mionsonraithe agus *Plean Bainistíochta Tráchta* (TMP) deiridh. Tá CEMP imlíneach agus *Srac-Phlean Bainistíochta Tráchta* san áireamh mar **Aguisín 7.1 agus Aguisín 7.2, Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS. Ní féidir an CEMP mionsonraithe a chríochnú roimh fhaomhadh a fháil mar beidh ráitis maidir leis na modhanna agus na cláir oibre san áireamh leis a thabharfaidh léiriú níos mionsonraithe ar chéimniú na hoibre, bunaithe ar na modhanna a mhínítear sa chaibidil seo, agus ar na bearta maolaithe atá san EIS seo (feic **Caibidil 11** le haghaidh sonraí breise), agus ní mór don Bhord Pleanála iad sin ar fad a cheadú roimh ré mar chuid d'aon fhaomhadh reachtúil. Beidh an conraitheoir/na conraitheoirí a cheapfar ag forbairt sraith de

phleananna mionsonraithe le haghaidh thógáil pháirteanna an fhostáisiúin atá ann cheana, thógáil na dtúr agus shreangú na líne. Sna pleananna tógála agus comhshaoil seo, déanfar cur síos mionsonraithe ar an rochtain shealadach a bheidh ag feithiclí ar láithreáin na dtúr agus leagfar amach na suíomhanna íogaire éiceolaíochta agus seandálaíochta atá ann (a shainaithnítear san EIS – feic na haerlíníochtaí 1:5,000 i bhFíoracha Imleabhair 3B den EIS) chomh maith leis na bearta maolaithe. Mar a dúradh cheana, beidh sé de cheanglas ar na pleananna sin gnéithe ábhartha na mbearta maolaithe atá leagtha amach san Achoimre ar Bhearta Maolaithe nó i Sceideal na nGealltanais a chuimsiú (feic **Caibidil 11** den imleabhar seo den EIS).

- 6 Déanfar ábhar mionsonraithe an CEMP, arna ullmhú ag an gconraitheoir/na conraitheoirí, a chomhaontú le BSL, agus leis na húdaráis áitiúla agus le húdaráis chúí eile ina dhiaidh sin. Fostóidh BSL foireann chun monatóireacht a dhéanamh ar chéim tógála an tionscadail agus a chinntiú go mbeidh na hoibreacha á ndéanamh ag an gconraitheoir a cheapfar de réir an CEMP agus de réir an ráitis modheolaíochta a comhaontaíodh, nósanna imeachta sábháilteachta, rialú ar thruailliú, etc.
- 7 Cé go bhfuil an modh tógála a leagtar amach san EIS seo bunaithe ar thaithí ar thionscadail eile dá samhail a bhaineann le bonneagar tarchuir leictreachais, ba chóir a thabhairt do d'aire go ndéanann sé breithniú ar shaintréithe na timpeallachta glactha ina mbeidh an fhorbairt bheartaithe. Maidir le haon saincheistanna a bhaineann leis an tionscadal seo go sonrath – mar shampla, na bearta maolaithe a bhaineann leis an tionscadal seo go sonrath agus atá san EIS nó na coinníollacha pleanála a d'fhéadfadh an Bord a chur le haon fhaomhadh a chinneadh a dheonú – cuimseofar iad go hiomlán i scóip oibre na gconraitheoirí a cheapfar agus beifear i mbun maoirseacht agus monatóireacht chúramach chun a chinntiú go gcomhlíonfar ina n-iomláine iad.

7.3 GNÍOMHAÍOCHTAÍ A BHAINNEANN LE TÓGÁIL AGUS COTHABHÁIL LÍNTE LASNAIRDE

- 8 Seo a leanas cur síos ar na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun an fhorbairt bheartaithe a thógáil agus ar na gníomhaíochtaí a bhaineann lena cothabháil ina dhiaidh sin.

7.3.1 Clós Stórála le haghaidh Ábhar Tógála

- 9 Beartaítear an clós stórála ina mbeidh páirteanna le haghaidh línte lasnairde an tionscadail a lonnú i mbailte fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin. Tuairim is 1.4 heicteár atá sa bhábhún, atá suite go díreach ó dheas de Phríomhbhóthair Náisiúnta an N2, a dtéann bóthar áitiúil (L4700) chuige agus uaidh – feic Líníocht Phleanála MT-009-002 atá san áireamh in **Imleabhar 1B** de na cáipéisí iarratais. Cinntíonn an láthair seo go bhfuil teacht le fáil mar is cúí ar gach cuid d'ailíniú na líne tarchuir a bheartaítear.

- 10 Baineadh úsáid den chineál sin as an mbábhún cheana, óir ba chlós tógála é a bhain le tógáil Phríomhbhóthair Náisiúnta an N2. Beifear in ann na hábhair ar fad a bhaineann le tógáil na forbartha a bheartaítear a stóráil ann go slán, agus beidh páirceáil carranna ar fáil don fhoireann ann mar aon le hoifigí sealadacha láithreáin agus saoráidí leasa (leithris *Portaloo* san áireamh – ní bheidh aon séarachas ar an láithreán).
- 11 D'fhonn an láithreán a úsáid mar shaoráid stórála le haghaidh ábhar tógála, mar atá beartaithe, beidh gá le teacht isteach nua chuig an láithreán ón L4700, a bheidh suite ag pointe lárnach ar theorainn theas an láithreáin. Is ar bhóthar 4 m ar leithead, geall leis, a thiocfar isteach sa bhábhún féin. Ábhar crua a bheidh sa bhóthar (leagfar ábhar dá leithéid ar fud an láithreáin). Ar na forbairtí eile a bheartaítear a dhéanamh istigh sa láithreán tá gaistí idircheapóra a leagan i limistéar línithe le haghaidh athbhreoslú, chomh maith le hoibreacha eile draenála a dhéanamh ar an láithreán mar is cuí agus riachtanach. Beidh sonnach atá 2.6 m ar airde timpeall an láithreáin. Déanfar bacainn torainn 2 mhéadar ar airde a fheistiú ar thrí thaobh istigh den fhál teorann chun leibhéal torainn a laghdú.
- 12 Ós rud é gur struchtúr sealadach a bheidh sa bhábhún ar mhaithe leis an bhforbairt a bheartaítear a thógáil, déanfar na hábhair agus na hoibreacha ar fad a bhaint den láithreán tar éis na tógála. Cuirfear an láithreán ar ais mar a bhí, is é sin an chaoi a raibh sé sular baineadh úsáid as mar bhábhún stórála don fhorbairt a bheartaítear.
- 13 Saináithnítear píosaí ar leith le haghaidh gach cuid túir ar roghliosta sa príomhchlós cruach. Pioctar na píosaí sainaitheanta sin amach as na príomhbhurlaí stórála agus tugtar go barr an chlóis le teiliompróir iad, gar don phríomhgheata, áit a stóráiltear iad ina mburlaí aonair mar chodanna túir a fhreagraíonn do gach túr ar leith. Baintear úsáid as an teiliompróir chun burlaí de chodanna túir a lódáil ar an leoraí nó ar tharracóir agus leantóir, agus daingnítear agus iompraítear chuig na láithreáin ábhartha túir iad.
- 14 Mar a leagtar amach thuas, má bhítear ag úsáid tarracóra agus leantóra, tabharfar an chruach chomh fada leis na tailte timpeall bhonn an túir. Má bhítear i bhfad ón gclós cruach agus ag úsáid leoraí dá bharr, bainfear úsáid as an hi-ab ar an leoraí chun í a dhílódáil ar tharracóir agus leantóir gar don láithreán mar a mbeidh an túr. Is é an tarracóir agus leantóir a thabharfaidh na píosaí chuig láithreán gach túir ar deireadh.

7.3.2 Limistéir Sreangaithe lena n-áirítear Trasbhealaí thar Bhóithre Poiblí

- 15 Tagraíonn sreangú línte lasnairde do shuiteáil na sciathshreang agus seoltóirí pas ar na túir thacaíochta. Coinnítear an seoltóir saor ó bhacainní feadh na dronlíne trí dóthain teannais a chur i bhfeidhm. Le linn an tsreangaithe, coinneofar an seoltóir siar ó thrasbhealaí bóthair / iarnróid agus ó

línte tarchuir nó dáileacháin ar mhaithe leis an tsábháilteacht. Ní mór na bacainní sin feadh dronlíne a chosaint (feic **Fíor 7.1**).



Fíor 7.1: Gnáthshocruithe Cosanta le linn Tógáil Línte Lasnairde

7.3.3 Tógáil Línte Lasnairde 400 kV

- 16 Tógtar línte lasnairde go héifeachtach ar láthair fhada líneach ina mbíonn gníomhaíochtaí ar siúl in áiteanna ar leithlis atá de mhéid theoranta. Cé gur mórtionscadal bonneagair í tógáil línte lasnairde 400 kV, tá an t-innealra agus an trealamh a theastaíonn chun an líne sin a thógáil réasúnta measartha agus, go ginearálta, chóir a bheith ar cóimhéid leis an innealra a úsáidtear le haghaidh gnáthghníomhaíochtaí feirmeoireachta nó chun áit chónaithe a thógáil.
- 17 Is é BSL a thógfaidh na línte lasnairde 400 kV. D'fhéadfadh BSL leas a bhaint as conraitheoirí seachtracha a dhéanann obair ar an líne tarchuir ar a shon. Roinnfear tógáil na línte lasnairde ina dhá chonradh ar leith, is iad sin suiteáil na bunsraithe agus tógáil agus sreangú túr. Ceapfaidh EirGrid Innealtóir Cliant le haghaidh chéim seo na forbartha. Déanfaidh an tInnealtóir Cliant monatóireacht agus cigireacht ar na dearáí mionsonraithe, an gléasra, na hábhair agus na hoibreacha, lena n-áirítear an sceidealú, lena chinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais a bhaineann le sonraíocht feidhme, dearáí agus caighdeáin tarchuir.
- 18 Cloífidh na teicnící tógála go hiomlán le gach riachtanas sláinte agus sábháilteachta. Go ginearálta, is féidir céim na tógála a bhriseadh síos sna páirteanna seo a leanas:
- Deimhin a dhéanamh de gur comhlíonadh gach coinníoll pleanála agus comhshaoil;
 - Iniúchtaí láithreáin réamhthógála a dhéanamh lena n-áirítear athbhreithniú ar rochtain agus ar staid na talún d'fhonn a dheimhniú go bhfuil an staid a raibh coinne léi i gceist;

- Aon limistéar oibre ar an láthair a rianú (e.g. fál sealadach a chur in airde a léireoidh cá bhfuil limistéar na n-oibreacha tógála ar mhaithe le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta);
- Bunsraitheanna túir a leagadh amach (cuirtear pionnaí adhmaid sa talamh chun an áit a mbeidh na bunsraitheanna túir a léiriú mar threoir don tochtóir agus ithir á baint ann);
- Oibreacha chun an láithreán a réiteach lena n-áirítear mionoibreacha sibhialta amhail fáil a bhaint agus fáil shealadacha a chur in airde;
- Bunsraitheanna túir a shuiteáil;
- Túir a thógáil; agus
- Seoltóirí a shreangú agus an córas a chur ag obair.

19 Is éard a bheidh sa líne 400 kV atá beartaithe ná túir chruach laitíse galbhánaithe a bheidh ar airdé éagsúla ag brath ar iad a bheidh suite ag suíomhanna túir idirmheánacha agus suíomhanna túir uillinne. Glacfar le modh tógála atá cosúil leis an modh a úsáideadh ar línte 220 / 400 kV a tógadh roimhe seo in Éirinn agus atá á dtógáil faoi láthair san Eoraip agus go hidirnáisiúnta. Léirítear leagan amach beartaithe na dtúr i bhFíor 6.25 i gCaibidil 6 den imleabhar seo den EIS.

20 Ar thalamh fhliuch, seans go mbeidh gá le mataí portaigh nó le cláir alúmanaim chun teacht ar láithreáin gan an iomarca damáiste a dhéanamh (feic **Rannán 7.3.4.1.3** le haghaidh tuilleadh eolais faoi na cineálacha éagsúla bealaigh isteach atá beartaithe le haghaidh na forbartha seo). Ina mbreithmheas ar an bhforbairt bheartaithe, rinne na comhairleoirí comhshaoil breithniú ar na bealaí rochtana sealadacha atá beartaithe (feic **Imleabhair 3C** agus **3D** den EIS seo). Sula gcuirfeadh tús leis an tógáil, eiseofar fógraí agus sceidil, chomh maith le léarscáileanna ina dtaispeántar suíomh na dtúr, chuig na húinéirí talún go léir. Buailfidh ionadaithe EirGrid le húinéirí talún chun suíomh beacht na dtúr ar an talamh a dheimhniú leo agus chun dul i ngleic le haon cheist eile a bheidh ag úinéirí talún tar éis dóibh an Fógra a fháil. Is féidir tús a chur leis an tógáil ag an bpointe sin.

21 Áirítear leis an bhforbairt a bheartaítear freisin mionathruithe ar línte tarchuir lasnairde 110 kV reatha Lisdrum-Lú, Lú-Rathrussan, agus Ármhach-na hUaimhe. Áirítear leis na mionathruithe sin airde na línte tarchuir 110 kV reatha a ísliú áit a dtrasnaíonn siad bealach na líne 400 kV a bheartaítear. Bainfeadh é sin amach trí shraitheanna breise cuaillí adhmaid a chur isteach agus / nó trí shraitheanna cuaillí níos ísle a chur in ionad na struchtúr reatha. Déanfar cuaillí athsholáthair a shuíomh díreach in aice leis na cuaillí atá ann cheana. Cuirfeadh túr idirmheánach 101 ar líne 110 kV Lú – Rathrussan as feidhm. Déanfar an struchtúr cruach reatha a bhaint as a chéile. Bainfeadh bunsraith an struchtúir go dtí thart ar 1 m faoi bhun leibhéal na talún. Cuirfeadh in airde na cuaillí adhmaid 110 kV nua ar shuíomh an túir reatha nuair a bhainfeadh anuas an struchtúr túir.

22 Cuirtear na cuailí isteach ar doimhneacht nach lú ná 2.3 m faoin talamh. Bainfear úsáid as tochtaltóir a bhfuil boinn rubair nó creasa air chun an poll do gach cuaille a thochailt. Déantar gach ceann den dá chuaille a ailíniú leis na poill thochailte. Ansin tiomáineann oibreoir an innill chun tosaigh, rud a bhrúnn an cuaille in airde go dtí go mbeidh an cuaille beagnach ina sheasamh go ceartingearach. Ní théann an cuaille tríd an bpointe cothromaíochta sa suíomh ceartingearach riamh. Tacaítear leis an gcuaille an t-am ar fad, agus déantar na poill a chúl-líonadh de láimh ar dtús go doimhneacht nach lú ná 1.0 m chun cobhsaíocht shealadach a chinntiú sula gcuirtear na trasnáin isteach. Tar éis an chéad chúl-líonta, déantar stráice thart ar 2.7 m ar fad a thochailt go doimhneacht 0.8 m agus é comhthreomhar leis an líne. Caithfear sin a dhéanamh chun na trasnáin dhronuilleoga adhmaid sin a chur isteach, rud a thugann cobhsaíocht bhreise don tacar cuailí agus a cheanglaítear de na cuailí le U-bholta. Nasctar an dá chuaille a suiteáladh gar don bharr le trasghéag chruach a gceanglaítear inslitheoirí di. Ceanglaítear an seoltóir reatha de na hinslitheoirí sin ina dhiaidh sin.

7.3.4 Clár Tógála


23 Meastar go mairfidh tréimhse thógála na forbartha líní atá beartaithe thart ar thrí bliana ó thús na n-oibreacha láithreáin. Ní mhaireann tógáil aon túir ar leith ach achar gearr, áfach, mar déantar na hoibreacha ag gach túr i sraith céimeanna éagsúla bunaithe ar na tréimhsí a dtugtar breac-chuntas orthu thíos.

24 Tógfar na línte lasnairde i gcúig chéim ghinearálta, san ord seo thíos, dé réir clár rollach de thréimhsí ama measta:

- Céim 1 – Obair Ullmhúcháin ar Shuíomhanna (1 – 7 lá);
- Céim 2 – Bunsraitheanna Túir; gnáthshuiteáil (3 – 6 lá), suiteáil píleála (5 – 10 lá);
- Céim 3 – Túir a Chur i dToll a Chéile agus a Chur in Airde agus Athchóiriú Tosaigh (3 – 4 lá);
- Céim 4 – Suiteáil Seoltóra / Inslitheora (7 lá); agus
- Céim 5 – Athchóiriú Deiridh na Talún (1 – 5 lá).

25 De ghnáth, déantar Céim 1, 2 agus 3 mar chuid de chonradh amháin agus, nuair a chuirtear iad sin i gcrích, déantar na tailte timpeall ar an suíomh tógála a athchóiriú. Ní féidir Céim 4 agus 5 a dhéanamh go dtí go mbeidh Céim 1, 2 agus 3 curtha i gcrích.

-
- 26 Gníomhaíocht Chéim 4 is ea ciorcad nua a chur leis feadh Thúr 402 go Túr 410 den líne lasnairde 400 kV atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille (feic **Fíor 6.21** agus **Fíor 6.30**). Den chúig chéim tógála a bhaineann le OHL, ní bhaineann ach Céim 4 i gcás Túr 402-410.
- 27 I dtionscadal ina bhfuil fad líneach den sórt seo, is dócha go mbeidh eatramh suas le 12 mhí idir críochnú Chéim 1, 2 agus 3 agus tús Chéim 4 agus 5. Déanfar na tailte a athchóiriú ionas gur féidir leanúint lena n-úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta i rith na tréimhse sin.
- 28 Ag féachaint ar an bhfad ama measta atá mionsonraithe thuas maidir le gach céim ar leith, meastar go mairfeadh Céim 1, 2 agus 3 idir 7 agus 17 lá go carnach i gcás na suiteála caighdeánaí nó idir 9 agus 21 lá i gcás na suiteála píleála. Déanfar athchóiriú tosaigh ar na tailte agus fillfidh na conraitheoirí tuairim is 12 mhí ina dhiaidh sin ar feadh 8-12 lá chun na hoibreacha a chríochnú agus chun na tailte a athchóiriú ar bhonn críochnaitheach.
- 29 Ar an ábhar sin, meastar an fad ama carnach a bheidh de dhíth ar aon suíomh ar leith i rith thréimhse thógála 3 bliana an tionscadail ag 15-29 lá i gcás na suiteála caighdeánaí nó 17-33 lá i gcás na suiteála píleála.
- 30 Cloífidh modhanna tógála BSL agus a chuid conraitheoirí go hiomlán le gach riachtanas ábhartha sláinte agus sábháilteachta. Tugtar breac-chuntas ar na príomh-mhodhanna a bhaineann le tógáil na línte lasnairde sa rannán seo, mar a shonraítear thíos, agus tá siad bunaithe ar an tseantaithí rathúil atá ag BSL ar thógáil línte lasnairde in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.
- 31 Ní mar a chéile a bheidh staid na talún ó áit go háit feadh bhealach na línte lasnairde a bheartaítear agus, dá bhrí sin, is féidir nach mar a chéile a bheidh na teicnící tógála agus an t-innealra/trealamh a theastóidh chun freastal air sin.
- 32 Tiocfar ar láithreáin na dtúr le linn uaireanta sholas an lae i gcás gach céim den tógáil (feic **Fíor 7.2** le haghaidh an ghnáthoid tógála). Níl coinne le bheith i mbun tógála ar an Domhnach, istoíche ná ar laethanta saoire bainc.



Fíor 7.2: Gnáthoibreacha Tógála

(Foinse: *Bileog Faisnéise d'Úinéirí Talún* [Iúil 2013] chun críocha léiritheacha amháin)

7.3.4.1 Céim 1 – Obair Ullmhúcháin ar Láithreáin

7.3.4.1.1 Gníomhaíochtaí roimh an tógáil

- 33 Déanfar suirbhéanna réamhthógála go díreach roimh chéim na tógála, lena n-áirítear iniúchtaí ar an talamh, d'fhonn staid na talún a tuaradh san EIS seo a dheimhniú.
- 34 Sula gcuirfear tús le haon oibreacha, beidh plé idir na húinéirí talún agus na gníomhairí ceaptha d'fhonn a chinntiú go dtuigeann siad céard iad na hoibreacha sonracha a dhéanfar de bhun na forbartha a bheartaítear. Déanfar teagmháil le gach úinéir talún sula mbeidh gá le bealach isteach a fháil ar a gcuid talún agus tabharfar dáta don úinéir talún maidir le tosach na n-oibreacha sula dtosófar ar aon obair. Déanfar dearadh mionsonraithe na mbealaí isteach, agus an modh tógála a ghlacfar de réir staid na talún ag am na tógála, a chomhaontú agus a thairfeadh leis an úinéir talún sula gcuirfear tús le hoibreacha.

7.3.4.1.2 Oibreacha Cumasúcháin Láithreáin lena n-áirítear Cosaint agus Seirbhísí

- 35 San áireamh i réiteach an tsuímh chun línte lasnairde a thógáil, tá rianta rochtana sealadacha isteach chuig suíomhanna na dtúr a leagan, nuair is gá (féach **Rannán 7.3.4.1.3** le haghaidh tuilleadh eolais) agus d'fhéadfadh mionoibreacha sibhialta timpeall suíomhanna na dtúr a bheith i gceist freisin lena n-áirítear, i measc nithe eile:

- Glanadh an láithreáin (e.g. fáil a bhaint, crainn agus fásra a ghearradh siar, etc.): Ar mhaithe le glanspáis sábháilteachta a chinntiú, gearrfaidh nó bearrfaidh an fásra uile atá in aice leis na seoltóirí agus a d'fhéadfadh titim orthu. Beidh sé sin mar chuid den chothabháil leanúnach a dhéanfar ar an líne lasnairde a bheartaítear. Is gnáthchleachtas é seo le haghaidh na línte lasnairde ar fad atá ann cheana. Dá fhad ó na seoltóirí é an fásra, is ea is lú an bearradh a chaithfear a dhéanamh air mar is lú an seans go dtitfidh sé ar an líne lasnairde. Beidh cuma scolbáilte nó phróifílithe ar an bhfásra de bharr a bhearrtha, rud a imreoidh an drochthionchar is lú is féidir air. Glactar leis go gcaithfear iniúchadh a dhéanamh ar limistéar atá cóngarach don líne agus suas go dtí 30 m ón suíomh laistíos de na seoltóirí (ar an dá thaobh) in aghaidh guaiseacha anuas. Is í airde agus fad an fhásra ón líne lasnairde a chinnfidh an méid atá le bearradh – i.e. dá fhad ón líne lasnairde é an fásra, is ea is lú an bearradh a chaithfear a dhéanamh air. Chaillfí cuid den fhásra san áit a bhfuil na láithreáin túir, lena n-áirítear crainn, toir agus fáil a bhainfidh chun na túir a thógáil agus tacaíocht a thabhairt do na línte lasnairde. Cuirfear an fásra ar ais. D'fhéadfaidh cuid d'fhásra na háite a chailleadh freisin mar gheall ar na bealaí rochtana sealadacha chuig na túir ach, arís, cuirfear an fásra sin ar ais. Mar chuid den EIS, rinneadh meastóireacht ina sonraítear suíomhanna agus méideanna an fhásra atá le glanadh mar gheall ar an bhforbairt seo (feic Caibidil 6,

Imleabhair 3C agus **3D** den EIS, le haghaidh tuilleadh eolais). Fostóidh BSL foraoiseoir agus / nó crannlia le linn na tógála chun an fásra atá iomarcach don ghlanaspás a theastaíonn le haghaidh na forbartha seo a bhaint.

- Leibhéaladh talún faoi bhunsraith an túir: Dearadh na túir sa chaoi is go bhfreastalóidís ar leibhéal éagsúla talún ó thaobh go taobh, rud a fhágann nach gcuirtear isteach ar an talamh mórthimpeall orthu ach a laghad agus is féidir. San áit a bhfuil an grádán idir dhá chois túir níos mó ná 1 m, suiteálfar an túr agus síneadh coise air. Faoi mar a dearadh iad, ní éiríonn na túir féin níos airde. Maidir le grádáin suíomhanna beartaithe túir atá níos mó ná 1 m, cuireadh san áireamh sa dearadh iad trí shíntí cuí coise a roghnú atá comhoiriúnach leis an ngrádán. Ag brath ar an ngrádán áirithe ag gach suíomh, is féidir go mbeidh gá le síneadh coise amháin nó le síntí ar aon líon de cheithre chos an túir chun an grádán a shárú. San áit a bhfuil an grádán níos lú ná 1 m agus nach bhfuil ach tionchar measartha ann, déanfar breithniú ar leibhéaladh na talún ag suíomh na bunsraithe. Sula gcuirfeadh tús leis an tógáil, déanfar suirbhé láithreáin ag suíomh gach túir d'fhonn a dheimhniú go mbeidh gá le síntí coise agus/nó leibhéaladh láithreáin.
- I gcás ceithre shuíomh túir, tá an grádán rómhór lena shárú le sínte coise túir leo féin. I gcás Thúir 164, 166, 168, agus 207, beidh gá le tochair breise anuas ar na tochair bunsraithe caighdeánacha a shonraítear i **Rannán 7.3.4.2.3** lena áirithiú go mbeidh an talamh atá níos airde ná suíomh na bunsraithe seasmhach ar feadh thréimhse na n-oibreacha bunsraithe. Méadaíodh na limistéir tochair sainithe do na suíomhanna sin chun freastal ar na tochair breise atá de dhíth. Méadaíodh an limistéar oibre faoi choinne Thúir 166 agus Thúir 168 leis.



Fíor 7.3: Léaráid den tochailt atá riachtanach ag Túr 164

- Nuair a bheidh na bunsraitheanna leagtha síos, déanfar leibhéal na talún timpeall ar an limistéar tochailte a luí isteach le comhrianta an tírdhreacha reatha a mhéad agus is féidir. Seachnófar athruithe uillinne géara laistigh de shrianta an limistéir oibre agus bainfear amach an cuspóir maidir leis an tionchar ar úsáid talún a laghdú an oiread agus is féidir.
- Draenacha páirce a chur ar mhalairt slí: Má tá draenacha cheana féin san áit a mbeidh bunsraith túir le tógáil, bainfear iad de ghnáth. Déanfar trinsí draenála nua a thochailt thar na bunsraitheanna túir ar thaobh amháin díobh nó ar cibé taobhanna is gá, nó, ina mhalairt de chás, is féidir draein mhór amháin a chur in ionad roinnt draenacha beaga, rud a dhéroinnfeadh bunsraith an túir.
- Aon limistéar oibre ar an láthair a rianú (e.g. fál sealadach a chur isteach etc.).
- Aon fhóntais atá ann cheana a chur ar mhalairt slí (e.g. píobáin uisce faoi thalamh, cáblaí, etc.).

- Oibreacha ar thrasbhealaí atá ann cheana ar an líne lasnairde: Feic **Aguisín 7.3: Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV – Sainithint agus Réiteach Coimhlintí le Bonneagar Reatha na Líne Lasnairde, Aguisíní Imleabhar 3B.**
- Ionaid chosanta shealadacha a chur in airde: Nuair a bheidh an seoltóir le sreangú thar bhóithre agus thar línte leictreachais, cuirfear struchtúir chosanta in airde sula dtabharfar faoin sreangú. Cuailí cosanta a bheidh sna struchtúir sin. I gcás trasbhealaí ar línte tarchuir, bainfear leas as modh sreangaithe caitéineach mar rogha ar shocruithe móra cosanta a chur in airde (feic **Rannán 7.3.4.4.1** chun sonraí a fháil). Beidh na struchtúir chosanta sealadacha agus suite ar an dá thaobh den chrosaire ar feadh na hoibre sreangaithe. Cuideoidh siad lena chinntiú nach gcuirfidh an obair sreangaithe isteach ar úsáideoirí bóthair ná ar an soláthar leictreachais (feic na haerlíníochtaí 1:5,000 i bhFíoracha Imleabhar 3B den EIS).

7.3.4.1.3 Bealaí Isteach

- 36 Tá gá le bealaí sealadacha isteach ina mbeidh slí do ghléasra tógála, d'ábhar tógála agus do phearsanra chun na túir uile a thógáil, an seoltóir a shuiteáil agus na láithreacha cumhdaigh a shocrú (feic na haerlíníochtaí 1:5,000 i bhFíoracha Imleabhar 3B den EIS).
- 37 Is ann do thrí láthair feadh an bhealaigh a bheartaítear ina mbeidh gá le rochtain feithicil chun OHL a thógáil:
- **Rochtain ar shuíomhanna túir:** Bainfear úsáid as bealaí rochtana sealadacha chun teacht ar na láithreacha oibre ón ngréasán bóithre poiblí. Roghnófar na bealaí rochtana beartaithe sa chaoi is go ndéanfaidh siad a laghad dochair agus is féidir do thalamh talmhaíochta. Chuige sin, úsáidfear bealaí agus pointí rochtana atá ann cheana a mhéad agus is féidir.
 - **Bealach isteach chuig láithreacha sreangaithe:** Go ginearálta, faightear rochtain le haghaidh an trealaimh sreangaithe (feic **Fíor 7.11**) go díreach ón túr uillinne a bheartaítear in aice láimhe chuig an láthair sreangaithe, nuair atá an dá láthair sa pháirc chéanna agus gan bacainní eatarthu. Sa chás go bhfuil bacainní (e.g. fál sceach) idir na láithreacha sin, roghnaíodh bealach rochtana eile.
 - **Bealach isteach chuig ionaid chosanta:** Déanfaidh feithicil 4x4 agus tochtaltóir a mbealach isteach chuig na hionaid chosanta dhá uair; an chéad uair lena gcur in airde agus an dara huair lena ndíchóimeáil.
- 38 Le cabhair bealaí rochtana chuig suíomhanna túir, is féidir tochtaltóirí nó rigí píilí, mar aon le hábhar bunsraithe (comhlra, coincreít, atreisiú cruach, píilí) a thabhairt go dtí an suíomh agus

cartadh breise a bhaint de. Seachadfar thart ar 10 dtóna cruach i gcás túr idirmheánach nó suas le 32.5 tónna i gcás túr uillinne chuig suíomh gach túir agus bainfear úsáid as cuaille scilligeora / deirice chun na túir a chur in airde.

39 Mar a dúradh roimhe, is é an chaoi is fearr drochthionchar na forbartha ar an gcomhshaol a sheachaint nó a laghdú oiread agus is féidir ná an bealach agus an suíomh cuí a roghnú.

40 Is é an chéad chuid den phróiseas roghnaithe sin ná roinnt prionsabail ghinearálta a fhorbairt a threoróidh na cinntí a bheidh á ndéanamh maidir le bealaí rochtana sealadacha a aimsiú a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil. Leagtar amach na treoirínte ginearálta sin thíos:

- D'fhéadfadh bealaí rochtana a bheith suas le 4 m ar leithead. Dhéanfaí leithead na mbealaí agus aon oibreacha a bhaineann leo a laghdú a oiread agus is féidir nuair is indéanta sin agus nuair nach mbeadh cúrsaí sábháilteachta ná deartha thíos leis;
- Agus bealach á shainiú le haghaidh rochtain shealadach ar shuíomhanna oibre (ar thailte príobháideacha), beifear ag féachaint leis an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - An méid a chuirfí isteach ar úsáid reatha na talún agus ar chleachtas feirmeoireachta/bainistíochta talún a laghdú oiread agus is féidir, nuair is indéanta sin;
 - Limistéir íogaire a sheachaint nuair is féidir (e.g. Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (cSAC) / Limistéar Oidhreachta Náisiúnta Beartaithe (pNHA) / Limistéar Oidhreachta Náisiúnta (NHA) / Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna));
 - An méid a chuirfí isteach agus an drochthionchar a d'imreofaí ar nithe is ábhar spéise ó thaobh na hoidhreachta nádúrtha de (lena n-áirítear sruthchúrsaí) a laghdú oiread agus is féidir;
 - An méid a chuirfí isteach agus an drochthionchar a d'imreofaí ar nithe is ábhar spéise ó thaobh na hoidhreachta cultúrtha de a laghdú oiread agus is féidir;
 - An méid a chuirfí isteach ar an gceantar agus ar na pobail máguaird a laghdú oiread agus is féidir;
 - An úsáid is mó is féidir a bhaint as bealaí isteach feirme, rianta feirmeoireachta, bóithre agus droichid atá ann cheana, nuair is féidir sin. Ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta agus conláistí, níor chóir úsáid a bhaint as bealaí isteach chuig sealúchais chónaithe nuair is féidir é a sheachaint.

- An líon bóithre/rianta rochtana nua agus bealaí isteach sealadacha a laghdú oiread agus is féidir, nuair is féidir sin; agus
 - Réamhchúram cuí a dhéanamh chun leas ainmhithe agus torthúlacht barr a chosaint trí scaipeadh galar agus plandaí díobhálacha agus ionracha idir feirmeacha a sheachaint.
- Sula gcuirfeadh tús leis an tógáil, cuirfeadh plean bainistíochta tráchtá i dtoll a chéile agus i bhfeidhm don tionscadal, agus beidh an plean sin faoi réir a leasaithe i gcomhar leis na húdaráis áitiúla. (Feic Caibidil 13, **Imleabhair 3C** agus **3D** san EIS le haghaidh tuilleadh eolais faoi thrácht tógála)
- 41 De réir na dtreoirínte thuas, sainítear san EIS bealaí rochtana sealadacha le haghaidh na forbartha a bheartaítear (feic na haerlíníochtaí 1:5,000 i bh**Fíoracha Imleabhar 3B** den EIS).
- 42 Ní leagtar rianta sealadacha tógála de ghnáth ach san áit nach mbeadh staid na talún go maith, nó a mbeadh gabhdóir íogair nó úsáid íogair talún ann (feic **Fíoracha 7.4** agus **7.5**). Talamh dhroimneach, tríd is tríd, atá san áit a mbeadh an fhorbairt a bheartaítear agus is dócha go mbeidh staid na talún go maith feadh an chuid is mó den bhealach a bheartaítear, ach is féidir go mbeidh teicnící éagsúla agus innealra / trealamh tógála éagsúil á n-úsáid ag brath ar staid na talún i gcodanna ar leith den bhealach agus / nó mar gheall ar an aimsir le linn na tréimhse tógála. Chun críocha an bhreithmheasa seo, rinneadh gach bealach rochtana sealadach a mheas de réir aimsir an-fhliuch agus teicnící tógála leitheadacha le hinnealra / trealamh trom.
- 43 Leagtar amach thíos mionsonraí faoi chineálacha eile bealaí rochtana sealadacha le haghaidh coinníollacha fliucha de réir úsáid agus staid na talún agus ag féachaint do thosca comhshaoil ar leith. Meabhraítear nach roghanna comheisiatacha iad seo i ngach cás agus go bhféadfaí cineálacha éagsúla riain a bheith i rian rochtana sealadach ar leith feadh a fhaid.
- **Cineál 1**

Talamh ardchaighdeán (i.e. áit a bhfuil féarach an-tirim): Ní gá rianta sealadacha a leagan de ghnáth. Go hiondúil, is féidir bealach isteach a dhéanamh chuig láithreáin túir gan mórán stró má bhaintear úsáid as innealra a bhfuil boinn creasa air (agus as feithiclí lagbharr ar an talamh nuair is féidir) ag úsáid bóithre reatha nuair is ann dóibh agus ag dul trasna páirceanna.
 - **Cineál 2**

Talamh réasúnta tirim/talamh móna nó limistéir an-íogaire: Bhainfí úsáid as mataí rubair sealadacha nó painéil bhóthair alúmanaim nuair a bheadh gá le rian sainithe

chun an meáchan a dháileadh go cothrom. Bhainfí úsáid freisin as feithiclí lagbhrú ar an talamh nuair is féidir.



Fíor 7.4: Rianta Sealadacha Alúmanaim agus Painéal Rubair

- **Cineál 3**

Talamh atá an-dona, bog, fliuch, seascannach agus / nó droimneach nach bhfuil staid mhaith inti: Sna dálaí sin, d'fhéadfaí gur ghá bóithre a thógáil ina mbeadh clocha nó trasnáin adhmaid. Is éard atá i gceist leis sin barrithir a thochailt amach agus a stóráil ar thaobh amháin den rian. Chuirfí atreisiú geoiteicstílí ar an dromchla fo-ithreach agus chuirfí clocha ar a bharr. Dhéanfaí é a dhlúthú ina dhiaidh sin chun an rian a chruthú.



Fíor 7.5: Bóthar Sealadach Cloiche agus Trasnáin Adhmaid

- 44 Bunaithe ar na critéir mheasúnaithe atá leagtha amach i mír 35, is Cineál 1 a bheidh i bhformhór mór na bealaí rochtana atá sainaitheanta in bhFíoracha Imleabhar 3B. Sainaitníodh na bealaí rochtana nó cuid de na bealaí chuig na láithreacha túir agus na

hoibreacha coimhdeacha gaolmhara seo a leanas mar Chineál 2, agus d'fhéadfaí go mbeadh rianta sealadacha mataí rubair nó alúmanaim de dhíth orthu: Túir 103, 104, 106, 116, 117, 119, 120, 123, 126, 130, 168, 180, 181, 182, 202, 222, 223, 229, 232 i Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin; agus Túir 269, 279, 287, 292, 379 i Limistéar Staidéir na Mí. Ní bheidh bóithre cloiche nó bóithre ina n-úsáidtear trasnáin adhmaid de dhíth ag aon cheann de na láithreacha túir, de na limistéir sreangaithe ná de na láithreacha cumhdaigh atá beartaithe.

7.3.4.1.4 Tréimhse de dhíth chun Mataí Rubair nó Rianta Painéil Alúmanaim Bóithre a leagan

45 Is iondúil nach mbíonn ach tréimhse an-ghearr de dhíth chun mataí rubair nó rianta painéil alúmanaim bóithre a leagan. Is é aon lá amháin an gnáthfhad i gcás bealach rochtana sealadach 0.5 km. D'fhéadfadh sé dhá lá oibre a thógáil i gcás bealach an-fhada níos faide ná 1 km. Sa chás inar tógadh mataí rubair nó painéil alúmanaim ar thalamh bhog nó sheascannach, is féidir go gcaithfear iad a choinneáil ann go dtí go mbeidh an tréimhse tógála ar fad caite.

7.3.4.2 Céim 2 – Bunsraitheanna Túir

7.3.4.2.1 Bunsraitheanna Túir a Leagadh Amach agus a Thochailt

46 Ar an meán, tá 'Foireann Tógála Bunsraithe' ar a bhfuil 4 – 6 oibríthe in ann bunsraith túir uillinne a thógáil i sé lá, bunsraith túir idirmheánaigh a thógáil i gceithre lá agus bunsraitheanna píilí / ancaire cloiche a thógáil i 5 – 10 lá.

47 Leagtar amach na tochailtí go sonrach de réir an chineáil túir (e.g. túr uillinne, idirmheánach nó trasuímh) agus de réir an chineáil bunsraithe is gá le haghaidh gach láithreáin ar leith (ag brath ar staid na talún). Mar a deirtear i **Rannán 7.3.4.2.3**, is minic a bhíonn bunsraitheanna na dtúr idir 2m agus 3.5m ar doimhneacht chuig leibhéal inbhéarta na bunsraithe agus idir 2 x 2 mhéadar chearnacha agus 9 x 9 méadar chearnacha in achar plean, ag brath ar an gcineál túir atá i gceist. Déanfar gach ceann de na ceithre choirnéal atá i stumpaí an túir (i.e. cuid íochtarach chosa an túir) a dhaingniú as féin faoin talamh i mbloc coincréite. Is é gnáthchleachtas BSL é píopa coincréite a úsáid i bpoill na bunsraith. Is cuid lárnach den bhunsraith é sin.

7.3.4.2.2 Bunsraitheanna Túr Cruach 400 kV a Shuiteáil

48 Is í bunsraith an túir a ghlacann ualaí an túir agus a chuireann go talamh iad. Dearadh an bhunsraith le go seasfadh sí na hualaí a chuireann an túr uirthi – idir ardú, chomhbhrú, thrasfhíar agus fhadfhíar – ualaí atá ina dtoradh ar dhearadh an túir féin. Beidh an bhunsraith sách cobhsaí le nach mbogfaidh an túr faoi choinníollacha uasualaigh. Bainfear úsáid as

tochtóir a bhfuil boinn rubair nó creasa air chun na bunsraitheanna a thochailt. Ag brath ar an áit, d'fhéadfadh dumpaire rothaí nó dumpaire a bhfuil boinn creasa air an choincréit réamh-mheasctha a thabhairt go dtí an láithreán tochailte. Chun an réimse bunsraitheanna atá le húsáid sa tionscadal seo a fheiceáil, feic na líníochtaí pleanála darb uimhir MT-007-001, MT-007-002, agus MT-007-003.



Fíor 7.6: Gnáth-tochtóir agus Dumpaire a Úsáidtear chun Bunsraith Línte Lasnairde a Shuiteáil

- 49 Is é gnáthchleachtas BSL maidir le bunsraitheanna ná go mbeadh ceithre chos ar gach túr. Leagfar an túr amach agus déanfar é a phionnáil sula dtoclófar an bhunsraith. I gcásanna áirithe, ní mór fáлта agus/nó draenacha atá ann cheana a thochailt le go mbeidh dóthain spáis ann chun bonnra gach coise a phionnáil le haghaidh na tochailte. Má bhaintear aon rud den sórt sin, cuirfear ar ais é tar éis na n-oibreacha bunsraithe. Seans go mbeidh gá le bonnra den mhéid is mó (feic **7.3.4.2.3** méideanna bunsraithe) má tá ithreacha laga ann. Má tá portach domhain ann, is féidir go mbeidh gá le bunsraitheanna pílí. Agus is féidir go mbeidh gá le bunsraitheanna bonnra laghdaithe más rud é go bhfuil cloch le fáil go héadomhain sa talamh (níl coinne againn le portach domhain de réir an athbhreithnithe ar ithreacha agus ar gheolaíocht).
- 50 Déanfar seiceáil ar gach láithreán le haghaidh seirbhísí faoi thalamh, amhail cáblaí, píopaí uisce, etc., mar chuid den ghnáthphróiseas fíoraithe roimh an tógáil. Má aimsítear draenacha páirce, cuirfear ar mhalairt slí iad agus déanfar gach malairt slí a chur in iúl don úinéir talún agus a phlé leis nó léi.
- 51 San áit a bhfuil an talamh go dona agus an maoschlár ard, d'fhéadfaí go mbeadh gá le pílí a úsáid, a mbeadh fráma(i) hidrálach(a) á dtacú, sa chaoi is nach dtitfeadh na taobhanna isteach agus nach n-éireodh an tochailt rómhór. Sa chás sin, faightear réidh leis an riachtanas go mbeadh píopa coincréite ann (rud a úsáidtear go hiondúil i mbunsraitheanna

- túir). Bainfear úsáid as gnáthchóras scagacháin uisce le linn aon ghníomhaíochtaí dí-uiscthe chun laghdú a dhéanamh ar an méid dríodair atá sa screamhuisce a ritheann chun srutha (feic Caibidil 7, **Imleabhair 3C** agus **3D** le haghaidh sonraí breise).
- 52 Nuair a dhéanfar an tochailt le haghaidh gach coise, déanfaidh an t-innealtóir ar an láthair seiceáil ar leibhéil (doimhneacht) na bhfoirmíochtaí. Nuair a bheidh na leibhéil bainte amach, ísleofar na píopaí coinchréite chun suímh (má bhíonn siad á n-úsáid). Nuair a bheidh siad suite agus an t-uisce uile pumpáilte amach as an tochailt, doirtfear coinchréit ar an taobh amuigh den fháinne coinchréite. Nuair a bheidh an choinchréit sin crua, cuirfear leac pábhála isteach sa phíopa coinchréite a bheidh ina bhonn cobhsaí faoi stumpaí na dtúr.
- 53 Úsáidtear teimpléad socrúcháin (feic **Fíor 7.7**) chun stumpaí na dtúr a shocrú ina suíomhanna agus a choinneáil ann fad is atá an choinchréit á doirteadh agus á cruachan. Má bhíonn uisce ar bith sa tochailt, pumpálfar amach é sula ndoirtfear aon choinchréit isteach sa bhunsraith. Tabharfar na leoraithe coinchréite chomh cóngarach agus is féidir don tochailt le go ndoirtfear an choinchréit amach astu agus go díreach isteach sa tochailt. Murar féidir é sin a dhéanamh, iomprófar an choinchréit i ndumpairí sé thonna a bheidh feistithe le fánáin le haghaidh na coinchréite.
- 54 Nuair a bheidh an choinchréit doirte isteach sa chuid deiridh den bhunsraith, cuirfear comhlra leis an mbloc fiair, is é sin an scóig. Nuair a bheidh an comhlra curtha leis, is féidir an choinchréit a dhoirteadh agus an bhunsraith a chríochnú. Déanfar na bunsraitheanna túir a aislíonadh cos amháin ag an am, ag baint úsáid go hiondúil as an ithir a tochlaíodh cheana. Cuirfear an t-aislíonadh isteach agus dlúthófar ina shraitheanna é.
- 55 Má léiríonn an t-iniúchadh ithreach nach réitíonn staid na talún in áiteanna áirithe leis an treo-uillinn agus/nó leis an staid talún ar a bhfreastalaíonn an réimse gnáth-bhunsraitheanna cip nó simléir, beidh gá le bunsraith phílí nó tarathraithe trí chloch atá suíomhoiriúnaithe. Is í rogha na hinnealtóireachta í na pílí a shuiteáil le tochtóir a bhfuil casúr hidrálach feistithe air. Ní bheidh gá le gléasra níos mó ná sin dá bharr.
- 56 Má tá bunsraith phílí nó ancairí chloiche le húsáid, is féidir go mbeidh gá le roinnt poll a dhruileáil nó a tharathrú le haghaidh gach ceann de chosa an túir. Tá dhá rogha ann i gcás bunsraitheanna pílí. Druileáiltear na poill, atreisítear iad le cruach agus líontar ina dhiaidh sin iad le coinchréit nó grútáil. Sin, nó bainfidh an conraitheoir úsáid as pílí coinchréite réamhtheilgthe, á sá isteach sa talamh. Bonn cobhsaí ag leibhéal na talún a bheidh sna pílí, ar a suiteálfar gnáth-bhunsraith. I gcás bunsraith chloiche, déanfar bunsraith ancairí chloiche a dhearadh a bheidh sonrath don láithreán sin. Druileáiltear ancairí cloiche a bhfuil fad sainithe iontu agus grútáiltear isteach sa bhuncharraig iad. Ní bheidh an méid coinchréite a

úsáidfeair níos mó ná an méid a theastódh sa chás ba mheasa le haghaidh ghnáth-bhunsraithe 'cip' nó 'simléir' ag suíomh an túir sin.

- 57 Nuair a bheidh bonn an túir críochnaithe agus go hiomlán cruaithe, is féidir cabhail an túir a chur air. Nuair a fhágfaidh an fhoireann tógála bunsraithe an láithreán, cinnteoidh siad go dtabharfaidh siad leo an farasbarr ábhair uile, lena n-áirítear an t-aislínadh a tochlaíodh ach nár úsáideadh.



Fíor 7.7: Grianghraf den Teimpléad Socrúcháin á Ullmhú le haghaidh an Doirte Dheireanaigh Coincréite

7.3.4.2.3 Méid na Bunsraithe

- 58 Tá réimse méideanna bunsraithe i gceist le gach cos túir a úsáidtear sa chóras tarchuir 400 kV, idir thart ar 3.8 m x 3.8 m x 3.5 m agus 8.8 m x 8.8 m x 3.5 m le haghaidh túr uillinne 400 kV de chiorcad aonair, agus idir 2.2 m x 2.2 m x 2.5 m agus 3.7 m x 3.7 m x 2.5 m le haghaidh túr idirmheánach 400 kV de chiorcad singil (feic Líníochtaí MT-007-001, MT-007-002 agus MT-007-003, a cuireadh isteach leis an iarratas pleanála, chun sonraí a fháil ar na bunsraitheanna). Is dócha go n-úsáidfeair na gnáthchineálacha bunsraithe, a bheadh laistigh den réimse íosmhéide agus uasmhéide, chun formhór mór na mbunsraitheanna túir a thógáil. Meastar go mb'fhéidir go mbeidh na túir seo a leanas le tógáil in áiteanna nach bhfuil staid na talún go maith: Túir 104, 105, 106, 117, 119, 120, 122, 163, 187, 269, 279, 287, 292 agus

379. Is féidir go mbeidh gá le bunsraith phílí nó bunsraith ancairí cloiche ag na suíomhanna túir sin (faoi mar a mhínítear i **Rannán 7.3.4.2.2**). Ní bheidh bunsraitheanna pílí agus/ná bunsraitheanna ancairí cloiche níos mó ná na méideanna is mó a liostaítear thuas don phlean bunsraithe.

7.3.4.2.4 Limistéar Oibre

59 Achar thart ar 30 x 30 m is éan limistéar oibre a theastaíonn chun túr 400 kV a thógáil sa chuid is mó de láithreacha struchtúir.

7.3.4.2.5 An Trealamh Tógála a Theastaíonn le haghaidh Chéim Suiteála na Bunsraithe

60 Áireofar iad seo a leanas leis an trealamh a bheidh ag teastáil le haghaidh chéim suiteála na bunsraithe:

- Feithicil 4x4;
- Creathadóir coincréite;
- Caidéal uisce;
- Dumpaire rothaí nó a bhfuil boinn creasa air (idir 6 thonna agus 8 dtonna);
- Adhmad nó boscaí eile comhlra;
- Tochtóir 360° a bhfuil boinn creasa air (13 thonna de ghnáth, 22 tonna i gcás an bhristeora cloch);
- Veain iompair;
- Inneall glanta bóthair;
- Slabhraí agus uirlisí beaga eile; agus
- Coincréit a thabharfaidh an soláthraí chuig an áit is cóngaraí agus is áisiúla (38 tonna ollmheáchain).

7.3.4.2.6 Fad Ama na nOibreacha Bunsraithe

61 Seo a leanas meánfhad ama na n-oibreacha bunsraithe (laethanta leanúnacha):

- Túr uillinne / idirmheánach 3 – 6 lá

- Bunsraith phílí / ancaire cloiche 5-10 lá
- An líon foirne 4 – 6 oibrithe

7.3.4.3 Céim 3 – Túr a Chur i dToll a Chéile agus a Chur in Airde

7.3.4.3.1 Cabhail an Túir a Chur in Airde

62 Is é an chaoi is coitianta a dtógtar líne tharchuir den chineál seo ná ‘cuaille deirice’ nó craein shoghluaiste a úsáid. Mínítear an dá mhodh sin thíos.

7.3.4.3.2 Modh an Chuaille Deirice

63 Is féidir an túr a chur suas le cuaille deirice / scilligeora agus tarracóir. Bealach an-simplí chun túr a thógáil is ea é seo ina n-úsáidtear cuaille deirice agus unlas chun codanna beaga cruach a ardú chun suímh. Mar a léirítear i bhFíor 7.8, cuaille soladach nó laitíse de dhéantús alúmanaim nó cruach atá sa chuaille deirice a choinnítear in áit le cabhair teanntán atá ar ancaire sa talamh.



Fíor 7.8: Cuaille Deirice ag Bonn an Túir



Fíor 7.9: Cuid Íochtarach Bharr an Túir á hísliú chun Suímh

7.3.4.3.3 An Trealamh Tógála a Theastaíonn chun Túir a Chur in Airde le Cuaille Deirice

64 Áireofar iad seo a leanas leis an trealamh a bheidh ag teastáil chun túir a chur suas le cuaille deirice:

- Feithicil 4x4;
- Tarracóir unlais and leantóir;
- Cuaille deirice;
- Teiliompróir;
- Veain iompair; agus
- Slabhraí agus uirlisí beaga eile.

7.3.4.3.4 Fad Ama chun an Túr a Chur in Airde

65 Seo a leanas an meánfhad ama (laethanta leanúnacha) a thógann sé túr a chur in airde:

- Túr uillinne 4 lá
- Túr idirmheánach/trasuímh 3 lá
- An líon foirne 7 oibrithe

7.3.4.3.5 Modh na Craenach Soghluaiste

66 Is féidir craenacha soghluaiste a úsáid freisin chun túir chruach a thógáil, ach de dheasca an chostais agus deacrachtaí rochtana ní úsáidtear iad de ghnáth ach ar láithreáin ina bhfuil na dálaí tógála is fearr agus is féidir. Ba thairbheach, mar shampla, craein shoghluaiste a úsáid chun túir foircinn atá laistigh d'fhostáisiún nó gar dó a thógáil. Braitheann méid agus meáchan na craenach de ghnáth ar airionna an túir atá i gceist. Cuirtear an túr in airde cuid ar chuid mar gheall ar mheáchan éagsúil a bheith i ngach cuid ar leith. Cuirtear codanna túir i dtoll a chéile ar an talamh agus ardaítear chun suímh iad.



Fíor 7.10: Túr á Chur in Airde ag Craein Shoghluaiste

7.3.4.3.6 An Trealamh Tógála a Theastaíonn chun Túr a Chur in Airde le Craein Shoghluaiste

67 Áireofar iad seo a leanas leis an trealamh a bheidh ag teastáil chun túr a chur in airde le craein shoghluaiste:

- Feithicil 4x4;
- Craein shoghluaiste a fheileann don uile tír-raon;
- Tarracóir agus leantóir;
- Teiliompróir;
- Veain iompair; agus
- Slabhraí agus uirlisí beaga eile.

7.3.4.3.7 Fad Ama chun an Túr a Chur in Airde

68 Seo a leanas an meánfhad ama (laethanta leanúnacha) a thógann sé túr a chur in airde:

- Túr uillinne 4 lá
- Túr idirmheánach/trasuímh 3 lá
- An líon foirne 7 oibrithe


7.3.4.4 Céim 4 – Suiteáil Seoltóra / Inslitheora

7.3.4.4.1 Sreangú Línte Lasnairde

69 Tagraíonn sreangú línte lasnairde do shuiteáil na sciathshreang agus seoltóirí pas ar na túir a thacaíonn leis an líne tharchuir. Coinnítear an seoltóir saor ó bhacainní feadh na dronlíne trí dóthain teannais a chur i bhfeidhm. Ní mór bacainní áirithe feadh dronlíne a chosaint, amhail crosairí bóthair/iarnróid agus línte eile tarchuir nó dáileacháin. Feic an leagan amach ginearálta i bhFíor 7.11. Le haghaidh tuilleadh sonraí ar na trasbhealaí ar línte lasnairde, feic *Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV – Sainithint agus Réiteach Coimhlintí le Bonneagar Reatha na Líne Lasnairde* atá san áireamh mar **Aguisín 7.3, Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.

Notes

1. All stringing activities to be carried out in accordance with IEEE Std 524 - 2003.
2. NRA to be consulted prior to stringing across major roads.
3. Site specific method statement to be produced by the contractor for each location.



Fíor 7.11: Gnáthleagan Amach an tSreangaithe Teannais

[Cuirtear an fhíor seo ar fáil i bhformáid A3 freisin i bhFíoracha Imleabhar 3B]


- 70 Tarraingítear líne phíolótach éadrom (rópa níolóin) sa mhodh sreangaithe seo, a iompraítear de láimh, go hiondúil, isteach sna rothaí sreangaithe. Baintear leas as an líne éadrom ansin chun líne throm píolótach (rópa cruach) a tharraingt, a úsáidtear ina dhiaidh sin chun na seoltóirí a tharraingt isteach ó na seastáin druma. Déantar sin le hinnill ar a dtugtar ‘tarraingeoir – teannasóir’ agus a deantar go speisialta chuige sin (feic **Fíor 7.12**). Is iad príomhbhuntaistí an mhodha seo (a) go gcosnaítear an seoltóir ó dhamáiste dromchla agus (b) gur féidir bacainní móra amhail pointí trasnaithe bóithre agus iarnróid a chríochnú gan mhórshuaitheadh. Go ginearálta, is é 20 m x 20 m an t-achar a bhíonn sa limistéar oibre a úsáidtear go sealadach le haghaidh an trealaimh sreangaithe.



Fíor 7.12: Inneall Tarraingeora – Teannasóra


- 71 Nuair a tharraingítear an seoltóir san áit chuí, cuirtear deireadh le taobh amháin den dronlíne ar na feistis teannais agus na cóimeálacha inslitheora iomchuí. Cuirtear taobh saor na dronlíne ansin i gclampaí sealadacha ar a dtugtar ‘*come-alongs*’ a ghlacann teannas an tseoltóra. Gearrtar ansin an seoltóir ón tarraingeoir-teannasóir agus úsáidtear ardaitheoir slabhra chun an seoltóir a leath-tharraingt. Úsáidfean an modh sreangaithe sin chun na seoltóirí a shreangú don fhorbairt a bheartaítear, lena n-áirítear an chuid atá tuairim is 2.85 km ar fad ar na struchtúir chiorcaid dhúbailte gar d’Fhostáisiún Fhearann na Coille. I gcás roinnt bheag ailínithe ina bhfuil trasbhealach ar phríomhbhóthar agus/nó ar líne tharchuir reatha i gceist agus ionas nach mbeadh call le tógáil struchtúr cumhdaigh, beartaítear an modh sreangaithe caitéineach a úsáid a dtugtar breac-chuntas air thíos.

- 72 Tacaíocht thánaisteach is ea an córas tacaíochta caitéineach a úsáidtear i sreangadh OHL i gcás ina bhfuil toisc shábháilteachta breise de dhíth anuas ar na tosca sábháilteachta a bhíonn in úsáid i sreangadh gnáth-theannais. Úsáidtear córais tacaíochta caitéineacha go hiondúil nuair is gá dul thar mhótarbhealaí gan cur isteach ar fheithiclí. Anuas air sin, is féidir an córas tacaíochta caitéineach a úsáid i gcás nach féidir an chumhacht a mhúchadh chun dul thar línte beo tarchuir agus dáileacháin. Is éard atá i gceist leis an gcóras tacaíochta caitéineach go bunúsach ná rópa ardnirt ar leaisteachas íseal. Ceanglaítear leis an tsreang phiolótach é agus déantar é a iompar nó a chaitheamh thar an mbacainn. Ceanglaítear leis an seoltóir é le rollóirí a bhfuil spásanna eatarthu atá socraithe d'fhonn glanspásanna oibre imleora a sholáthar don bhacainn thíos faoi. Léirítear an córas in úsáid i bhFíor 7.13. Tá an rópa á tharraingt ag róbat os cionn na bacainne le rollóirí dhá roth atá ceangailte ag achar atá sonraithe ag an dearthóir.



Fíor 7.13: Gnáthshocrú Caitéineach

- 73 Nuair atá na rollóirí ar fad ceangailte agus an rópa sínithe ina iomláine agus ceangailte le túr nó le hancairí sa talamh, déantar an rópa a theannadh lena iompú thar an tsreang phiolótach. Is amhlaidh atá an seoltóir ar crochadh ón rópa ansin (feic Fíor 7.14).



Fíor 7.14: Socrú Caitéineach tar éis a lompaithe chun an Seoltóir a Chrochadh

74 Is córas tacaíochta tánaisteach atá sa chóras tacaíochta caitéineach go bunúsach. Dá mbrisfeadh an seoltóir le linn an tsreangaithe, ní thiffeadh an seoltóir níos mó ná an spás idir dhá roth. Dá bhrí sin, is é an spás idir na rollóirí a chinneann a mhéid is féidir leis an seoltóir titim sa chrios sábháilteachta don bhacainn atá i gceist.



Fíor 7.15: Gnáth-threalamh Sreangaithe

7.3.4.4.2 An Trealamh Tógála a Theastaíonn le haghaidh an tSreangaithe

75 Áireofar iad seo a leanas leis an trealamh a bheidh ag teastáil le haghaidh chéim sreangaithe na tógála:

- Feithicil 4 x 4;
- Tarraingeoir – Teannasóir X 2;
- Teiliompróir X 2;
- Seastáin druma X 2;
- Iompróirí druma X 2;
- Rothaí sreangaithe;
- Drumaí seoltóra;
- Comhbhrúiteoir & ceannphósa;
- Veaineanna iompair;
- Inneall glanta bóthair;
- Slabhraí agus uirlisí beaga eile; agus
- Ábhar cosanta le haghaidh nithe a thrasnaíonn.

7.3.4.4.3 Fad Ama na nOibreacha Sreangaithe

76 Is é seachtain amháin in aghaidh na dronlíne meánfhad na n-oibreacha sreangaithe. Tá an fad ama seo mórán mar an gcéanna i gcás gach dronlíne, beag beann ar fhad na líne, mar is é bogadh agus socrú an trealamh sreangaithe an rud is mó a thógann am. Bíonn foirne sreangaithe réasúnta mór de ghnáth; d'fhéadfaí go mbeadh 15 oibrí ann.

7.3.4.5 Céim 5 – Athchóiriú Talún

77 Nuair a bheidh na hoibreacha ar fad críochnaithe, cuirfear an bealach isteach agus na limistéir mórthimpeall thúir na línte lasnairde ar ais mar a bhí, a mhéad agus is féidir sin. Conraitheoir talmhaíochta speisialaithe a thabharfaidh faoin obair sin de ghnáth, á déanamh de réir *Code of Practice for Survey, Construction and Maintenance of Overhead Lines in Relation to the Rights of Landowners (Cód Cleachtais um Shuirbhé, Tógáil, agus Cothabháil Línte Lasnairde*

maidir le Cearta Úinéirí Talún) de chuid BSL agus Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) agus i gcomhairle leis an úinéir talún ábhartha.

7.3.5 Oibreacha Fostáisiúin

78 Is gá síneadh a chur le fostáisiún 400kV Fhearann na Coille 400 atá ann cheana chun gur féidir an línebhá nua 400 kV in Turleenan a cheangal. Cuirtear síos ar na hoibreacha i **Rannán 6.3.3**. Sainítear neas-suíomh na n-oibreacha i bhFíor 6.31, Caibidil 6 san imleabhar seo den EIS. Tabharfar faoin síneadh a bheartaítear go hiomlán laistigh de thailte reatha ESB. Is éard a bheidh i gceist leis oibreacha i limistéar atá thart ar 5,440 méadar cearnach. (0.544 ha) ar achar, lena n-áirítear an limistéar ina gcoinneofar an trealamh leictreach atá beartaithe agus an síneadh chuig an sonnach atá ann cheana.

79 Is iad seo a leanas na hoibreacha a bheartaítear chun Fostáisiún Fhearann na Coille a shíneadh / a athchóiriú, ach ní bheidh siad teoranta do na hoibreacha seo amháin:

- Oibreacha chun an suíomh a réiteach, lena n-áirítear cuid den fhálú reatha a bhaint, glanadh suímh agus oibreacha talún;
- Fálú pailise nua 2.6 m ar airde a shuiteáil;
- Trinsí a thochailt agus duchtanna a leagan síos le haghaidh cáblaí leictreacha, cáblaí cumarsáide, soilsiú, etc.;
- Trinsí a thochailt agus píobáin a leagan síos a bheidh nasctha leis an líonra draenála uisce dromchla reatha;
- Oibreacha bunraithe chun trealamh, struchtúir agus aeróg aonpholach a shuiteáil;
- Trealamh leictreach ilchineálach allamuigh a shuiteáil lena n-áirítear struchtúir tacaíochta, droichid, agus bunanna agus cáblú agus sreangú gaolmhar;
- Seoltóirí OHL a shreangú;
- Trealamh seoltóir tintrí a shuiteáil; agus
- Bailchríocha seachtracha a chríochnú.

80 Beidh an t-innealra seo a leanas de dhíth chun na hoibreacha tógála thuas ar fad a dhéanamh:

- Trucail coincréite;
- Craein shoghluaiste;

- Fearais tarraingthe agus teannais le haghaidh seoltóirí lasnairde;
- Tochtóir;
- Dumpaire; agus
- Ollscartaire.

81 Tabharfar faoin síneadh a bheartaítear ar an bhfostáisiún go hiomlán laistigh de thailte reatha BSL. Déanfar oibreacha tochtailte chun leibhéal na talún a ísliú agus chun bunsráitheanna a shuiteáil de réir 3.5 méadar ar a mhéad. Déanfar farasbarr ithreacha / fo-ithreacha a dhiúscairt ag áiseanna ceadúnaithe / ceadaithe um bainistiú dramhaíola. Meastar go dtógarfart ar 3,500m³ (is comhionann le timpeall 7,350 tona) d'ábhar ón suíomh mar thoradh ar na hoibreacha seo ag an bhfostáisiún a bheartaítear.

82 I rith thógáil na forbartha a bheartaítear, beidh ar an gcliant, na dearthóirí, na maoirseoirí tionscadail, na conraitheoirí agus na hoibreoirí an cleachtas agus an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta uile a bhaineann le hoibreacha i bhfostáisiún atá ann cheana féin.

7.3.6 Bainistíocht Tráchta

83 Sa *Traffic Signs Manual (Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta)* a d'eisigh an Roinn Iompair, tugtar mionsonraí faoi na comharthaí tráchta a fhéadfar a úsáid ar bhóithre na hÉireann, lena n-áirítear a leagan amach agus a gcuid siombailí, na dálaí ina bhféadfar gach comhartha a úsáid agus na rialacha a bhaineann lena gcur i suíomh. Is í Caibidil 8 a bhaineann le bearta sealadacha tráchta agus comharthaí le haghaidh oibreacha bóthair den *Traffic Signs Manual (Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta)*, a foilsíodh in 2008, a úsáidfear le haghaidh an tionscadail seo.

84 Feic Caibidil 13 **Imleabhair 3C** agus **3D** den EIS seo le haghaidh tuilleadh eolais faoi thrácht tógála. Ina theannta sin, tá srac-Phlean Bainistíochta Tráchta san áireamh mar **Aguisín 7.2, Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.

7.3.7 Uaireanta Oibre

85 Tabharfar faoi oibreacha tógála agus forbartha láithreáin le linn gnáthuaireanta oibre de ghnáth. In imthosca eisceachtúla, is féidir go mbeadh gá le hobair a dhéanamh taobh amuigh de na huairéanta sin.

7.3.8 Bainistíocht Dramhaíola

86 Mar a tharlaíonn go coitianta i dtionscadal bonneagair ar bith, ní mór ábhar a thochailt chun na túir a bheartaítear a thógáil. Ag na doimhneachtaí éagsúla faoi thalamh ag a suiteáiltear na bunsraitheanna túir, beidh cineálacha éagsúla ithreach, ithir ghairbhéalach agus cloch le tochailt. Cuirfear an bharrithir uile a thochlófar le linn thógáil na mbunsraitheanna túir ar ais san áit ar féidir sin. Má bhíonn sé praiticiúil agus cuí, bainfear úsáid as an bhfo-ithir a tochlaíodh chun críocha ábhartha tógála agus tírdhreachaithe. Déanfar bainistíocht ar an mbarrachas dramhaíola uile a eascraíonn as céim na tógála agus diúscrófar é i líonadh talún ceadúnaithe. Is féidir a bheith cinnte dá bharr sin go mbeifear ag comhlíonadh fhorálacha *an Achta Bainistíochta Dramhaíola, 1996* (arna leasú) agus na rialachán agus na leasuithe dá éis chomh maith le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola na n-údarás áitiúil a bhaineann le hábhar. Cuirfear Plean Bainistíochta um Dhramhaíl Tógála i bhfeidhm chun an dramhaíl a bheidh ann a laghdú oiread agus is féidir agus chun a chinntiú go láimhseálfar agus go ndiúscrófar sruthanna dramhaíola tógála i gceart de réir na *Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction & Demolition Projects (Treoirlínte Dea-chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála)*, An Roinn Comhshaoil, Iúil 2006 (feic Caibidil 12, **Imleabhar 3C** agus **Imleabhar 3D** den EIS).

7.3.9 Foraoiseacht Tráchtála agus Fálú

7.3.9.1 Foraoiseacht Tráchtála

87 Trasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear foraoiseacht tráchtála. Is é 74 méadar uasleithead na conaire atá le fágáil gan chrainn agus na línte 400 kV ina lár.

7.3.9.2 Fálta Sceach

88 Ní mór bainistíocht a dhéanamh ar fhálta sceach a fhásann faoi línte leictreachais. Ba chóir go mbeadh gach crann fada go leor ó aon chuid de struchtúr tacaíochta na línte lasnairde ionas nach bhféadfadh sé titim air.

7.3.10 Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála

89 Beidh sé de cheanglas ar an gconraitheoir tógála i dtionscadail bhonneagair den sórt seo go n-ullmhaítear *Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála* (CEMP) sa chás go ndeonaítear faomhadh pleanála. Maidir le tionscadail chosúla dar deonaíodh cead pleanála, tá coinníoll arna chur leo a bhaineann le hullmhú CEMP. Tugtar breac-chuntas ar an CEMP in **Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhair 3B** den EIS.

7.3.11 Cothabháil

- 90 Mairfidh aonaid uile na forbartha a bheartaítear idir 50 agus 80 bliain faoi mar a dearadh iad.
- 91 Déanfar cothabháil leanúnach ar na haonaid éagsúla i rith na saolré sin. Ní mór bealach isteach a fháil ar thailte tríú páirtí ó am go ham chun cothabháil a dhéanamh ar na línte lasnairde. Mínítear sa rannán seo a leanas na riachtanais chothabhála a mheastar a bheidh ag na línte lasnairde thar shaolré an tionscadail.

7.3.11.1 Cothabháil ar Línte Lasnairde

Patrólú ar Línte Lasnairde

- 92 Tar éis choimisiúnú na líne 400 kV a bheartaítear, déanfar patróil chothabhála uirthi. Áirítear leis sin suirbhé amhairc i héileacaptar, patról dreapadóireachta gach ocht mbliana (méadófar iad sin go dtí uair gach sé bliana 40 bliain tar éis an fhuinnmhithe) agus patról infridhearg i héileacaptar, bliain tar éis an fhuinnmhithe agus uair gach cúig bliana ina dhiaidh sin. D'fhéadfaí patróil coise leantacha a dhéanamh ar shuíomhanna sonracha tar éis an phatróil sa héileacaptar. Déanfar seiceáil ar chuar na seoltóirí freisin 20 bliain tar éis an fhuinnmhithe sa bhliain chéanna ina ndéantar patról dreapadóireachta. D'fhéadfadh patróil éigeandála chothabhála a bheith ag teastáil i ndiaidh stoirmeacha fiáine. D'fhéadfaí obair chothabhála riachtanach a shainnithint sna patróil sin. I measc na cothabhála ceartaithí a d'fhéadfadh a bheith de dhíth, d'áireofaí ionadú crua-earraí, inslitheoirí nó strapaí sreinge talmhaithe caite nó damáistithe, agus crainn a leagan. Ní mór rochtain a fháil ar thailte d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na hoibreacha seo. Tabharfar faoi na hoibreacha agus aird ar na treoirlínte ábhartha ó Chód Cleachtais BSL/IFA (Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann) agus ar na forálacha reachtúla cuí. Tugann BSL fógra roimh ré d'úinéirí talún freisin sula ndéantar patróil héileacaptair.

Bearradh crann agus fáil chun glanspásanna a chothabháil

- 93 Is leis na patróil héileacaptair a dhéanfar gach bliain go príomha a shainnithneofar na riachtanais beartha crainn agus fáil feadh an línebhealaigh 400 kV a bheartaítear. Déanfar teagmháil leis na húinéirí talún roimh ré. Déanfaidh conraitheoirí BSL fásra a aithint atá ag fás laistigh de na glanspásanna leictreachais. Ar mhaithe le glanspásanna sábháilteachta a chinntiú, déanfar an fásra atá in aice leis na seoltóirí agus a d'fhéadfadh titim orthu nó an fásra díreach faoin líne leictreachais atá ag fás gar don líne a leagan nó a bharradh. Beidh an ghníomhaíocht chothabhála sin mar chuid den chothabháil leanúnach a dhéanfar ar an líne leictreachais.

Túir

- 94 Tar éis don chiorcad a bheith in úsáid ar feadh thart ar 35 bliana, déanfar measúnú ar riocht an chiorcaid ar fad le haghaidh na n-oibreacha cothabhála ceartaithí. Cuirfidh na hoibreacha sin síneadh le saolré an chiorcaid go dtí idir 50 agus 80 bliain mar a dearadh é. Gné mhór den chothabháil cheartaitheach seo chun an saolré a shíneadh is ea péinteáil na dtúr. Tar éis bheith in úsáid ar feadh thart ar 35 go 40 bliain, bheifí ag súil gur ghá an chruach ghalbhánaithe a phéinteáil lena áirithiú go mbeidh an chruach cosanta go leordhóthanach i gcónaí.

Inslitheoir agus Crua-earraí Sreinge Talmhaithe

- 95 Meastar go mbeidh gá le 25% de chrua-earraí na sreinge talmhaithe agus níos lú ná 5% de na hinslitheoirí ar an líne 400 kV a athsholáthar tar éis 30 bliain.

Bunsraith

- 96 Ní gá cothabháil a dhéanamh ar an mbunsraith de ghnáth.

Seoltóir

- 97 Ní gá cothabháil a dhéanamh ar an seoltóir de ghnáth.

7.3.12 Díchoimisiúnú

- 98 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar tarchuir. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus cruu-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde nó an fostáisiún atá ann cheana féin a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Tógfar ábhar ón líne lasnairde lena athchúrsáil, cosúil le baill chruach ó na túir, nuair is féidir é. Bheadh na nithe seo a leanas i measc na n-oibreacha díchoimisiúnaithe a bheadh i gceist:

- Dhéanfaí feistis agus / nó cruu-earraí ar nós scarthóirí is maolairí agus inslitheoirí a bhaint ón gcorcad. D'úsáidfí castainn chun na seoltóirí a tharraingt ar dhromaí mar chuid de phróiseas aisiompaithe sreangaithe cosúil leis an gceann sin a bhfuil cur síos air i **rannán 7.3.4.4.1**;
- Dhéanfaí an túr a scaradh agus dhéanfaí codanna de a dhínascadh lena mbaint ón súiomh; agus

- I bhformhór na gcásanna, bhainfí na bunsraitheanna suas go 1 m (go neasach) faoin talamh. Chuirfí an fho-ithir agus an bharrithir ar ais ina dhiaidh sin.

99 Dá ndíchoimisiúnófaí an fhorbairt a bheartaítear, is i bhfad amach anseo a dhéanfaí amhlaidh. Is dóigh go mbeadh athrú tagtha a bheag nó a mhór ar na dálaí bonnlíne faoin am sin. Mar sin féin, is dóigh freisin nach dtiocfadh ach tionchar sealadach chun cinn le linn an díchoimisiúnaithe agus go mbeadh an tionchar sin cosúil leis an tionchar, nó ní ba lú ná an tionchar, a thitfeadh amach le linn chéim na tógála. Ba chóir bearta maolaithe cosúil leo siúd a bhfuil cur síos orthu sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta (agus a bhfuil achoimre déanta orthu i d**Tábla 11.1**) a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go n-íoslaghdófar an tionchar timpeallachta a bheidh ann nó go gcuirfear deireadh leis an gcineál tionchair sin.

7.4 SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

7.4.1 Dearadh & Tógáil

100 Le linn dhearadh agus thógáil na forbartha a bheartaítear, beidh ar an gcliant, na dearthóirí, na maoirseoirí tionscadail, na conraitheoirí agus na hoibreoirí an cleachtas agus an reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta uile a bhaineann le hábhar a chomhlíonadh.

101 Tá beartais, nósanna imeachta agus córais ag BSL a bheidh i bhfeidhm dá dtarlódh sé, cé nach móide é, go mbeadh timpiste nó teagmhas éigeandála ann le linn thógáil na forbartha a bheartaítear.